

# Liatroim Leitrim

Straitéis Chultúir agus  
Chruthaitheachta 2018–2022

Culture and Creativity  
Strategy 2018–2022



# Ábhar

## Contents

---

1	Réamhrá an Chathaoirligh <i>Cathaoirleach's Foreword</i>
2	Réamhrá an Phríomhfeidhmeannaigh <i>Chief Executive's Foreword</i>
3	Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Liatroma <i>Culture and Creativity in Leitrim</i>
4	An Aisling a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Liatroma <i>The Creative Ireland Vision for Leitrim</i>
5	Na Luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Liatroma <i>The Creative Ireland Values in Leitrim</i>
6	Na Bearta Tús Áite maidir le Contae Liatroma <i>Strategic Priorities for Leitrim</i>
7	An cur i bhfeidhm <i>Implementation in 2018</i>
8	Bearta Príomhthábhachta i rith na bliana 2018 <i>Key Actions for 2018</i>

---



## 1

## Réamhrá an Chathaoirligh

### Cathaoirleach's Foreword

ÁIT INTI FÉIN atá i gContae Liatroma ar bhealaí go leor. Is as gnéithe na tíreolaíochta a easraíonn cultúr agus oidhreacht an chontae ar bhealaí airithe – taobh téire sceirdiúil le créafág éadomhain a d'fhág an talamh deacair a shaothrú maille le cnoic le sruthanna cúnaga guail agus iarainn. Fágtaí dá thoradh sin, agus tosca eile, go bhfuil Liatroim ar an gcontae isle daonra sa tir ach an pobal sin scaipthe ar fud réimse talún fairsing go leor a shíneann ó lár thíre go dtí cósta thiar thuaidh an oiléain.

Is iomáí deacracht a chruthaítear dá bharr sin don údarás áitiúil maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Ina ainneoin sin uilig, bónn laghad an chontae ina bhuntáiste againn chomh minic céanna, ós fusa teacht ar aontú agus ar chomhréiteach agus is fusa beart a dhéanamh chun deiseanna nua a thapú a chuireann le caighdeán an tsaoil ag an saoránach i gContae Liatroma.

Bhí an chruthaitheachta riamh ina bua maidir leis na deacrachtaí a shárú agus beidh sí ina hacmhainn bhuntábhachtach i gcónaí. Tá athrú forásach go seasta síoraí faoi chúrsai teicneolaíochta an tráth seo agus leanfar den athrú ar shlite maireachtála agus ar mhodhanna oibre dá réir. Ar cheann de na hábhair dúshláin is mó a chuirtear romhainn, tá imeacht na ndaoine ar a dteacht in inmhe dóibh ó cheantair tuaithe in iarthuaisceart na tire go dtí bailte móra agus cathracha níos mó ná sin in Éirinn agus níos faide ó bhaile d'fhoinn bun a dhéanamh agus slí mhaireachtála bhuan a bhaint amach dóibh féin. Cé nach féidir a shéanadh go bhfuil claonadh chun foirgníochta agus chuig ceantair uirbeacha ann, ar an taobh eile den scéal, de réir mar is fusa do dhaoine taisteal go hidirnáisiúnta agus de réir mar is é feabhas nó a mhalaírt an cheangail leathanbhanda an t-aon ábhar imní maidir le

**L**EITRIM IS UNIQUE in many ways. To some extent its culture and heritage has been forged from its geography – a rugged landscape of thin soil that was challenging to farm and hills with shallow seams of coal and iron ore. It is partly as a consequence of this that Leitrim has the smallest population of any county in Ireland but dispersed over a relatively large area that stretches from the midlands of the country to the northwest coast.

As a local authority this presents us with many challenges in terms of service delivery. However, in equal measure our small size has often been an advantage in many ways, consensus more easily reached, with an agility to grasp new opportunities that improve the livelihoods of our citizens.

Creativity has always been, and will continue to be a vital asset in meeting those challenges into the future. Technology is evolving at an exponential rate and how we live and work will evolve in hand with those advances. One of our biggest challenges has seen our young adults move from the rural northwest to larger urban areas here in Ireland or elsewhere in the world in order to develop sustainable careers. While on one hand there is a drive towards urbanisation, on the other hand as international travel becomes increasingly accessible, and the speed of our broadband the only impediment to international communication, many people will increasingly be able to base themselves anywhere they wish.

cumarsáid idirnáisiúnta, is mó a bheidh líon mór daoine in ann iad féin a shocrú ina rogha áit. Ina chomhthéacs sin, fágfaidh caighdeán an tsaoil mar atá le fáil ag duine i gContae Liatroma gur tarraigintí go móra a bheidh an contae. Tá modhanna oibre den sórt sin coitianta in earnáil na cruthaitheachta agus tá an réimse leathan imeachtaí cultúir a chuireann daoine a shaothraíonn san earnáil sin ar fáil ar na tosca príomhthábhachta a thugann daoine san áireamh agus caighdeán an tsaoil i gceantar faoi leith á mheas acu.

Scil bhunriachtanach atá sa chruthaitheachta agus meon intinne is ceart a spreagadh i ngach ógánach ionas gur féidir leo an t-ábhar dúshláin a bhaineann leis an siorathrú a fheictear rompu dóibh a shárú. Is féidir leis an bpobal i ngach comharsanacht agus leis an duine aonair i ngach aoisghráupa tuiscint ar an mianach atá iontu, muinín agus muintearas a chothú trí chur in iúl na cruthaitheachta agus ba cheart gach dícheall a dhéanamh an deis sin a dhéanamh a chur ar fáil dóibh.

Tá an t-ádh orainn i gContae Liatroma go bhfuil oiread daoine cumasacha ag saothrú an chultúir agus na cruthaitheachta inár measc. Tá mé cinnte dearfa go mbeidh an straitéis seo, ach oibriú i gcomhar leis na daoine cumasacha seo agus le muintir na híste ar fud an chontae ar fad, ina dheis iontach cuid mhór tairbhe a dhéanamh a chuirfidh feabhas ar an saol ag an uile shaoránach sa chontae.

In that context, the quality of life to be found in Leitrim will render the county that much more attractive. Such ways of working are particularly prevalent in the creative sector and for everybody the rich cultural offering provided by those who work in the sector is a key factor when other people assess quality of life in a given location.

Creativity is an essential skill and a mindset that every young person should be encouraged to develop in order to meet the challenges of their rapidly evolving future. Communities and individuals of all ages can develop a sense of self, confidence and a shared understanding through creative expression and every effort should be made to provide them with that opportunity.

In Leitrim we are very lucky to have so many gifted people working in the area of culture and creativity. Working with these talented individuals and communities the length and breadth of the county, I have no doubt that this strategy will prove to be a remarkable opportunity to do much that can improve the livelihoods of all our citizens.

## 2

## Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh

### Chief Executive's Foreword

TÁ AN OBAIR i gcomhar ar cheann de na buntéamaí atá le hÉire Ildánach – an comhar idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, an comhar idir daoine den aos ealaíne, an comhar le pobal áite – agus sin d'fhonn freastal do chraobhchórás cruthaitheachta agus don tsamhláochta a bheith á cothú ag an gcaidreamh gníomhach le lucht ealaíne agus cultúir agus ag toradh an tsaothair a thaithí.

Is maith is eol do Chomhairle Chontae Liatroma an fiúntas agus an mhórthairbhe atá leis an ealaín, leis an gcruthaitheacht, le cúrsaí cultúir agus oidhreachta. Is léir dúinn an dea-thoradh ar infheistíocht in earnáil na cruthaitheachta maidir lena ngnóthaítear de chaipiteal sóisialta, leis an bhfeabhas ar an saol ag an saoránach agus leis an mórtas a chothaítear. Cé gur mór an leas sin ag daoine den uile aois ar féidir leo dul i mbun cúrsaí ealaíne, an mianach cruthaitheachta atá iontu a fhéachaint agus cultúr agus oidhreacht na tire a fhiosrú, is sócmhainn bhunriachtanach atá ann chomh maith óna dtagann buntáistí eacnamaíochta den iliadom cineál go díreach agus go hindíreach.

Is ríthráthúil do Chomhairle Chontae Liatroma an tionscnamh seo a theacht chun cinn faoi láthair. De réir mar atá creataontú nua á cheangal againn leis an gComhairle Ealaíon agus straitéisí ilbhliana nua á leagan amach maidir leis an bhforbairt ar an tseirbhís ealaíne agus ar an tseirbhís leabharlannaíochta, chomh maith le straitéisí nua maidir leis an diaspora, táthar i roicht a chinntí gur féidir na bearta túis áite a shonraitear a leagan amach ionas go dtugtar isteach iad mar dhlúthchuid de dhéanamh na seirbhise ar fud na heagraíochta ar fad agus i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochta páirtnéireachta eile.

**A**CENTRAL THEME OF Creative Ireland is collaboration – collaboration between central and local government, collaboration with artists, collaboration with communities – in order to facilitate an ecosystem of creativity and to nurture the creative imagination through active engagement with the arts and culture.

Leitrim County Council recognises the value and importance of the arts, creativity, culture and heritage. We have seen how investment in the creative sector has paid dividend in terms of the social capital it builds and how it improves the lives of our citizens and grows pride. While this is invaluable to people of all ages who can engage in the arts, explore their creativity and our culture and heritage, it's also a vital asset that brings real direct and indirect economic benefits.

This initiative is coming at a very opportune time for Leitrim County Council. As we enter into a new framework agreement with the Arts Council and adopt new multi-annual strategies for development of the arts and the library service and a new strategy for the diaspora, we are in a unique position to ensure that the priorities identified can be designed to be incorporated into service delivery across the organisation and with partner agencies and organisations.

Is iontach an deis atá in Éire Ildánach treisiú leis an mbeartaíocht sin agus na snátha sin ar fad a fhí ina chéile. Tá ardaidhmeanna le hÉire Ildánach ach, i bhfianaise an tairbhe is féidir a thabhairt i gcrích, is cuí agus is ceart agus is cóir go dtapófaí an deis san am i láthair ionas go mbíonn a leas ag an bpobal agus ag daoine aonair ar fud an chontae agus ag na glúnta atá le theacht inár ndiaidh.

Creative Ireland is a great opportunity to build on this and a great opportunity to bring all those strands together. Creative Ireland is ambitious, but given the dividend that can accrue, it is wholly appropriate that we would seize the opportunity now so that communities and individuals across the county, as well as future generations, get to reap that benefit.



Ceardlann Monsterdoodle ag Féile Leabhar Leanáí Wild Words  
Monsterdoodle workshop at the Wild Words Children's Book Festival

## 3

## Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Liatroma

### Culture and Creativity in Leitrim

TÁ DE CHÁIL Chontae Liatroma go bhfuil an taobh tíre go hálainn ann, go bhfuil beocheat sa chultúr, saibhreas san oidhreacht agus, díol suntais mar gheall ar achar an chontae, leibhéal ard beartaíochta agus acmhainne ag baint le raon leathan cineálacha ealaíne agus réimsí den chultúr.

Sa chur síos a thugtar ar theacht Thuatha Dé Danann go hÉirinn, thug siad a gcuind longa eitilte anuas ar mhullach Shliabh an Iarainn, áit ar tháinig siad féin agus na Fir Bolg ar a chéile den chéad uair, sular thágthas anuas go Má Réin thart ar Phíonach. Ar an láthair sin a bhí ceann de na mainistreacha ba luaithe agus ba thábhachtaí in Éirinn ó thíos ré na mainistreacha ar aghaidh, mainistir a raibh clú ar scoil na diagachta inti agus de cháil uirthi gur tháinig scoláirí as gach cuid den Eoraip ag triall uirthi.

Rinne Toirdhealbhach Ó Ceardháin, an cláirseoir agus an cumadóir ceoil, cónaí i gContae Liatroma agus spreag muintir na háite agus an seanchas faoin taobh tíre ceann de na dréachta is iomráiti dá chuid, Sí Beag, Sí Mór maidir le dhá chnoc i gceantar Chora Droma Rúisc ina gconaíodh an lucht sí. Tá tionchar go foill ag John McKenna ar cheol na feadóige móire in Éirinn. Tar éis dó dul ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe, bhí sé ar an gcéad cheoltóir as Éirinn ar an bhfeadóig mhór a ndearnadh taifeadadh dá chuid ceoil. Bhí Nan Fitzpatrick as Achadh an Mheasa ar an gcéad bhean as Éirinn a ndearnadh taifeadadh tráchtála dá cuid amhránaíochta agus cuireadh trí cheirnín 78rpm léi amach i Nua-Eabhrac i rith na 1920idí sular tháinig sí ar ais ina cónaí go hÉirinn sa bhliain 1932. Is dócha go bhfuil John McGahern, a mbíodh cónaí air in aice le Fíonach chomh maith, ar an té is mó a bhfuil cáil air maidir le cúrsai cultúr i gContae Liatroma agus é ar dhuine de na húdair is mó a bhfuil meas agus urraim dó in Éirinn agus ag lucht léitheoireachta agus léirmheastóireachta go hidirnáisiúnta.

**L**EITRIM AS A COUNTY is regarded for its unspoilt landscape, culturally vibrant, rich in heritage and remarkable, relative to its size, for its levels of activity and capacity across a wide range of artforms and cultural arenas.

The Book of Invasions describes the Tuatha Dé Danann arriving in Mesolithic Ireland through the air before landing their floating-ships on the summit of Sliabh an Iarainn, where they first encounter the Fir Bolg and meet below the mountain at Magh Rein around Fenagh. This site would centuries later become one of the first and most important monastic sites in Ireland dating back to the earliest period of Celtic monasticism and celebrated for its divinity school, which was attended by students from every part of Europe.

The celebrated composer Turlough O'Carolan lived in Leitrim and was inspired by the people and folklore of the county with one of his best-known compositions Sí Beag, Sí Mór recalling the two fairy hills near Carrick on Shannon. John McKenna remains one of the most influential Irish flute players who after emigrating to the United States became the first Irish flute player to be recorded there. The singer Nan Fitzpatrick from Aughavas was the first Irish woman to be recorded commercially having made three 78s in New York in the 1920s before returning to Ireland in 1932. John McGahern, who also lived near Fenagh, is probably Leitrim's most famous cultural icon and is one of Ireland's most respected and celebrated authors and is critically acclaimed internationally.

Cé go dtéann roinnt den bhrí agus den bheocht atá i gcontae Liatroma siar na glúnta, agus roinnt de na daoine is iomráiti le háireamh i measc an chuid is fearr sa tir ar fad, tá gnéithe den chultúr freisin ar de bhunús eile iad, a tháinig chun cinn níos deireanaí, agus a bhfuil cuid mhór ina mbun anseo i gContae Liatroma a bhfuil meas mór orthu ní amháin sa chontae ach níos faide ó bhaile.


Bhí daonna Chontae Liatroma ag titim i gcoíneáil ó lár na naoú aoise déag go dtí an bhliain 2000. Faoi lár na 1980idí, d'fhág an praghas comparáideach ar thithíocht agus an taobh tire breá nádúrtha gur thosaigh ealaíontóirí agus ceannródaithe eile i gcúrsaí cultúir ag aistriú anseo as áiteanna eile in Éirinn, ón mBreatain agus as mór-roinn na hEorpa mar go mb'fhaictheas dóibh go raibh Contae Liatroma ar cheann de na háiteanna ina bhféadfaidís maireachtáil mar ba mhian leo. Ba bhreá an t-athrú na daoine seo, a chuidigh le scoileanna a choinneáil oscailte agus a rinne athchóiriú ar thithe a bhí tréigthe folamh, i gcodarsnacht leis an seanscéal a bhain leis an ré go dtí sin.

I rith bhlianta deiridh an chéid seo caite, bhí dream den lucht ealaíne i gCluinín a d'fhéach le háiseanna níos fearr a thabhairt chun cinn ina bhféadfaidís oibriú ar a gcuind saothar agus bunaíodh Ionad Dealbhodóireachta Liatroma ina bhfuil an réimse is fairsinge de phróisis ábhair ar fáil sa lá atá inniu ann seachas aon áis saothrú ealaíne ná ceardaíochta eile in Éirinn. An tráth céanna, bhí grúpa pobail eile i gCluinín i mbun Amharclann Ionad na nGleann (Glens Centre Theatre) a fhorbairt agus bhí Amharclann an Muilinn Arbhair (Cornmill Theatre) á thógáil i gCarraig Álainn.

But while some of Leitrim's cultural vibrancy goes back many generations, and some of its most noted exponents renowned leaders in their fields, other factors are more recent and have different origins and there are many more practitioners based here that are held in the highest regard within Leitrim and further afield.

From the 1850s until the year 2000, the population of Leitrim continued to decline. By the early 1980s relative property prices coupled with the county's unspoilt landscape gave rise to the migration of artists and other cultural pioneers from other parts of Ireland, the UK and continental Europe who saw in Leitrim a location where they could afford to sustain their livelihoods. These individuals who helped ensure schools remained open and renovated houses that were left idle were a welcome contrast to the prevailing narrative up to that point.

In the 1990s a group of artists in Manorhamilton sought to develop better facilities in which they could make their work resulting in the establishment of Leitrim Sculpture Centre, which today provides the widest array of material processes of any facility in Ireland to make art. At the same time another community group in Manorhamilton was developing the Glens Centre Theatre and in Carrigallen, the Cornmill Theatre was being built.



Íomhá ó Thaispeántas  
Umble[bumble] le Sarah Lundy, Ionad  
Dealbhóireachta Liatroma 2017  
*Image from exhibition Umble[bumble]  
by Sarah Lundy, Leitrim Sculpture  
Centre 2017*

Faoi thús na mílaoise, bhí bearta cúnta á gcur ar fáil ag Comhairle Chontae Liatroma do dhreamanna pobail ar mhian leo tabhaint faoi réimsí den ealaín agus bhí curtha freisin leis an soláthar maidir le forbairt ghairmiúil na n-ealaíontóirí, rud a mbeadh de thoradh air tráth níos faide anall gurbh fhéidir cláir de leithéid LOCIS agus Creative Frame a chur ar bun. Rinne Bord Fiontair Chontae Liatroma Teach Dearthóireachta Liatroma a fhorbairt chomh maith le réimse forleathan de chláir éagsúla maidir le forbairt táirgí agus oiliúint i gcúrsaí gnó a chur ar bun, ina measc cláir ilbhliana trastearann de leithéid LiveCraft agus Harnessing Creativity. Rinne Comhairle Chontae Liatroma, trí scéim an rialtais don fhorbairt caipítel, athfhorbairt ar sheanteach na cúirte i gCora Droma Rúisc gur cuireadh Ionad Ealaíne an Duga (Dock Arts Centre) ar fáil ann, áras suaiteantaí i gcónai ag Contae Liatroma agus ag an gComhairle agus ceann de an bonnchlocha maidir le hinfreastreachtúr ealaíne an réigiúin.

Luaitear i dtuarascáil na bliana 2009 ó Choimisiún Forbartha an Iarthair Creative West gurbh ionann céatadán na ndaoine a bhí fostaithe in earnáil na cruthaitheachta i gContae Liatroma an tráth sin agus 4.4%—an ráta ab airde ar fud réigiún an Choimisiúin—agus sa lá atá inniu ann, tá líon na ndaoine atá ag obair san earnáil, leibhéal na beartaíochta, an t-infreastreachtúr agus na deiseanna atá ann do dhaoine ar leibhéal sách ard go bhfuil an tábhacht chinniúnach sáraithe agus go bhfeictear earnáil na cruthaitheachta anois mar ghné bhuntábhachtach den fhorbairt shóisialta, cultúir agus eacnamaíochta. Cé nach móir an scóip a bhíonn ag aon duine faoi leith a oibríonn in earnáil na cruthaitheachta maidir le breis daoine a fhostú nó a bheith cionsíocair le borradh eacnamaíochta, tá gnó duine nó gnó beirte i gceist leis an gcuid is mó de na gnóthais

**By the turn of the millennium** Leitrim County Council had developed supports for communities who wanted to engage in the arts and increased its provision for the professional development of artists that would in time lead to the development of programmes such as LOCIS and Creative Frame. Leitrim County Enterprise Board had developed Leitrim Design House and a wide range of product development and business training programmes including multiannual cross-border programmes such as LiveCraft and Harnessing Creativity. Through the government's capital development scheme, Leitrim County Council redeveloped the old courthouse in Carrick on Shannon to become the Dock Arts Centre, which continues to be a flagship of Leitrim and Leitrim County Council, and one of the cornerstones of the region's arts infrastructure.

The Western Development Commission's 2009 report 'Creative West' noted that the percentage of people employed in the creative sector in Leitrim was 4.4%—the highest in the WDC region and today the numbers of people working in the sector, level of activity, infrastructure and the opportunities for practitioners has reached a critical mass and the creative sector is viewed as a key component of social, cultural and economic development. While the scope of most individuals within the creative sector to employ further people or become major direct economic drivers is limited, the majority of all enterprises in Leitrim are small one and two person businesses and as such supporting those who work in the creative sector to develop sustainable careers is considered as valid and deserving of support as any other sector, industry or endeavour.

atá ar bun i gContae Liatroma agus, dá réir sin, is fiú treisiú leo siúd atá ag obair in earnáil na cruthaitheachta agus cuidiú leo slí bheatha bhuan a bhaint amach chomh mór agus is fiú maidir le haon earnáil, tionscal nó fiontar de chineál eile.

Le blianta beaga anuas freisin, léirigh Spark agus Harnessing Creativity an leas is féidir a bheith as cláir a chuirtear ar bun chun an chruthaitheachta a thapú maidir le bearta den nuáil i gcúrsaí gnó agus i soláthar seirbhísí. Cé gur féidir lena leithéid a bheith ina gcúis le modhanna nua seirbhíse a cheapadh i gcuideachta, sa chuid is mó de na cásanna, baineann an tionchar ar an gcéad dul síos leis an bhfiúntas breise a fheictear le meon cruthaitheachta tar éis oibriú i gcomhar le healaíontóirí agus an bhéim bhrise a leagtar ar smaointeoireacht den chineál sin dá réir. Tá rátaí arda rannpháirtíochta i measc an phobail i gcoitinne i gContae Liatroma maidir le cúrsáí ealaíne agus an ráta rannpháirtíochta maidir le hamharclannaíocht na n-óg ar cheann de na rátaí is airde sa tir. Tá ardú ag teacht i gconaí ar rátaí rannpháirtíochta scoileanna agus ghrúpaí pobail in imeachtaí ealaíne agus cultúir.

In áiteanna de leithéid Chontae Liatroma, mar a mbíonn tábhacht le beartaíocht cultúr ó thaobh saothiúlacht agus féiniúlacht na háite, binn suntas faoi leith le cúrsáí ealaíne agus le hearnáil an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoitinne i ndáil leis an mórtas cine agus an tuiscint ar ár réigiún fein. Tagann cláir de leithéid Leitrim Equation, maidir leis an ealaín traidisiúnta, agus Féile Litriochta Shliabh an Iarainn i dtír ar an taobh tire, ar stair agus ar oidhreacht cultúr Chontae Liatroma chun téamaí comhaimseartha maidir leis an áit, an baile agus mianach na muintire a chíoradh. Ag an am céanna, fágann an obair a dhéantar in ionaid éagsúla, an Dug agus Ionad na nGleann

**In recent years Spark and Harnessing Creativity have also demonstrated how programmes designed to explore creativity can have a positive impact on innovation in business and service delivery. While this can lead to the adoption of new approaches to service delivery within a company, in most cases the impacts are principally related to the increased value and emphasis on creative thinking that collaboration with artists generates. Participation rates in the arts by the wider community are equally high with Leitrim having one of the highest rates of participation in youth theatre and increasing levels of participation by schools and community groups in arts and culture activities.**

**In places like Leitrim where cultural activities form a strong point of identification, the arts and the wider culture and creative sector can make a significant contribution to our regional identity. Programmes like the traditional arts project Leitrim Equation and the Iron Mountain Literature Festival use the landscape, history and cultural heritage of Leitrim to explore contemporary themes of place, home and identity, while the work of venues such as The Dock and the Glens Centre, the Creative Ireland Open Call programme and Music Generation all provide platforms for communities of different ages and interests across the county to explore their creativity to the fullest extent possible.**

mar shampla, agus cláir a bhaineann le hÉire Ildánach agus Music Generation go mbíonn ardán ag dreamanna éagsúla, éagsúil ó thaobh aoise nó réimsí spéise, a gcuid cruthaitheachta a thapú agus a fhairsingí gan srian.

Bíonn le tuiscint ó thionscnaimh de na cineálacha éagsúla sin, ar a n-áireamh in éineacht, nach é amháin go bhféadann earnáil na cruthaitheachta feidhm lárnach a bheith léi maidir le cultúr an chontae, ach go mbíonn tionchar mór chun sochair freisin ar chúrsáí sóisialta agus ar ghnóthaí eacnamaíochta agus gurb é an gnáthrud na trí cinn de shnátha sin a bheith fite fuaite ina chéile. Cé nach annamh trioblóid le sainmhíniú docht daingean ar a mbeadh i gceist le cultúr nó le hearnáil na cruthaitheachta, is cinnte gurbh í an chruthaitheachta a bhí ag rith leis an iliomad duine leis na ciants anuas ba bhun leis an geultúr agus lena bhfuil le hoidhreacht ag muintir na linne seo.

Is ina chomhthéacs sin atá oiread fiúntais mar chur chuige leis an meon ‘uile-rialtais’ atá le hÉire Ildánach ar an leibhéal náisiúnta agus atá sé mar bhunphointe maidir leis an straitéis seo a thabhairt chun cinn. Nuair atáthar ag treisiú faoi láthair leis an gcruthaitheachta a chothú sa phobal agus sa duine aonair, ní amháin go bhfuiltear ag treisiú le forbairt leanúnach ar an gcontae ó thaobh cúrsáí sóisialta, cultúr agus eacnamaíochta, táthar ag cinntíú go maith go dtagann forbairt leanúnach ar chruthaitheachta agus ar chultúr bríomhar na linne seo agus ar oidhreacht shaoithiúil shaibhir ag na glúnta atá le theacht.

**Together these initiatives endorse the idea that while the creative sector plays a central function in the cultural wellbeing of the county, it also has vast implications socially and economically, the three strands of which are inherently intertwined. While strict definitions of what constitutes culture or the creative sector are often problematic, there is no doubt that it has been the creativity of many people down through the centuries that has forged our culture and which has become our heritage.**

**It is in this context that the ‘all-of-government’ ethos of Creative Ireland at a national level has proven to be a valuable approach and starting point in the development of this strategy. In supporting the development of the creativity of communities and individuals today, we not only support the continued social, cultural and economic development of the county, we also ensure the continued development of our own creativity and a vibrant culture and rich heritage for future generations.**

## 4

## An Aisling a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Liatroma

### The Creative Ireland Vision for Leitrim

IS É ATÁ d'aisling le hÉire Ildánach go mbeadh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn a theacht in inmhe go hiomlán ó thaobh na cruthaitheachta de. Déantar an aisling sin a shaothrú trí Cúig Cholún a ghabhann leis an Clár atá ag Éire Ildánach:

**Colún 1**

Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**

Bonn a chur faoin gCruthaitheachta i ngach Pobal

**Colún 3**

Infheistíocht in Infraestruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**

Tionscaill Cruthaitheachta: Éire mar Láirionad Barr Feabhas maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**

Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá buntábhacht maidir leis an aisling seo le rannpháirtíocht an uile dhuine agus teacht ag an uile dhuine ar shaothrú na cruthaitheachta agus ar a thoradh sin. Meastar freisin go bhfuil bunriachtanas, maidir le fíorú na haislinge, le ceangal a chothú idir pobal comharsanachta agus ealaíontóirí agus lucht cruthaitheachta.

D'fhonn socrú ar Aisling maidir le hÉire Ildánach i gContae Liatroma, chuir Comhairle Chontae Liatroma Meitheal Cultúir le chéile ar a bhfuil Emma Clancy, Leabharlannaí an Chontae; Paul Cunningham, Ceannasaí Margáiochta, Ionad an Duga; Philip Delamere, Oifigeach Ealaíne; Vivienne Egan, Pleánálá Feidhmiúcháin Sinsearach; Geraldine Reynolds, an tOifigeach Sinsearach maidir le Forbairt Fiontair agus Mary Quinn, an Stiúrthóir Seirbhísí, i mbun an

**T**HE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the five pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**

Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**

Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**

Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**

The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**

Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

In order to arrive at a Creative Ireland Vision for Leitrim, Leitrim County Council established a Culture Team coordinated by Mary Quinn, Director of Services, and consisting of Emma Clancy, County Librarian; Paul Cunningham, Head of Marketing, The Dock; Philip Delamere Arts Officer; Vivienne Egan, Senior Executive Planner; and Geraldine Reynolds, Senior Enterprise Development Officer, Local Enterprise Office. The team put in place a series of public consultation meetings which sought the opinion and vision of those involved in the culture and creativity sector, and from the general public. The team also drew from the outcomes of a previous similar

chomhordúcháin. Chuir an mheitheal draith de chruinnithe comhairliúcháin poiblí ar bun lenar féachadh le tuairimí agus smaointe a fháil ó na daoine sin a bhfuil baint acu le hearnáil an chultúir agus na cruthaitheachta agus ón bpobal i gcoitinne. Bhain an mheitheal leas freisin as torthaí phróiseas den chineál céanna ar tugadh faoi roimhe seo mar chuid den chlár maidir le heacnamaíochta na linne seo romhainn i réigiún bharr na Sionainne agus na hÉirne. Féachadh, mar chuid den taighde maidir leis an gclár sin, le fiosrú a dhéanamh faoi aon dheisceanna forbartha agus foráis a bhaileadh le hearnáil na cruthaitheachta. Rinne an Mheitheal Cultúir ord agus eagair a chur ar thortháí na bpróiseas sin ar fad gur leagadh amach sraitheanna de chuspóirí príomhthábhachta agus de réimsí beartaíochta de réir mar atá sa cháipéis seo agus an ráiteas seo a leanas maidir leis an aisling ar léiriú é ar an meon a bhí ag gabháil leis an bpróiseas.

process undertaken as part of the Upper Shannon Erne Future Economy Programme which as part of its research sought to explore opportunities for development and growth in the creative sector. The findings from those processes were distilled by the Culture Team into a series of priorities and action areas as outlined in this document and the following vision statement created that encapsulated the ethos of that process.



An Seandálaí Sam Moore ag Tobar Beo-Aoidh le linn Fhéile Litriochta Iron Mountain 2018  
Archaeologist Sam Moore at St. Hugh's Well during the 2016 Iron Mountain Literature Festival

Is é atá d'aisling ag gabháil leis an gclár Éire  
 Ildánach i gContae Liatroma go ndéanfar gach gné  
 iléagsúil de chur in iúl na cruthaitheachta a chothú  
 agus a spreagadh; go mbeidh aird agus meas ar  
 smaointe nua; agus go dtabharfar na cùinsí chun  
 cinn a chuidionn leis na smaointe a thabhairt i gcrích  
 agus an chruthaitheacht a bheith ina dlúthchuid den  
 uile ghné de shaol sóisialta, eacnamaíochta agus  
 cultúir Chontae Liatroma.

Tá gealltanais éagsúla a luaitear sna  
 príomhphleananna straitéise maidir le Contae  
 Liatroma ina mbonn treise faoin aisling sin,  
 mar shampla:

#### Plean Corparáide Chomhairle Chontae Liatroma, 2014–2019

Contae Liatroma a bheith ina chontae lena mbaineann  
 inmharthanacht, cruthaitheacht agus ilchuimsitheacht  
 ionas gur féidir leis an duine, leis an teaghlaigh agus leis  
 an gnóglacht teacht faoi bhláth ann.

#### Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Chomhairle Chontae Liatroma 2015–2021

Liatroim, Contae Bríomhar Ardaidhmeanna... mar  
 a bhfuil an pobal slán folláin, na hacmhainní agus  
 an oidhreacht slán sábháilte agus borradh faoin  
 eacnamaíocht.

#### Plean Ealaíne Chomhairle Chontae Liatroma 2012–2017

Leanúint den fhobairt i gcontae Liatroma ar dheiseanna  
 níos fearr ag an uile dhuine a bhfuil cónaí orthu sa  
 chontae nó a thagann ar cuairt ann páirt a ghlaicadh i  
 gcúrsaí ealaíne; daoine aonair, eagraíochtaí, fíelte agus  
 pobail éagsúla a chothú maidir leis na deiseanna sin a  
 chur ar fáil agus oibríú i gcomhar le gniomhaireachtáí  
 áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun aidhmeanna  
 áirithe a bheadh againn i gcomhar a bhaint amach.

**The Creative Ireland Vision for Leitrim is to nurture and foster creative expression in all its diversity; embrace and welcome new ideas; and create the conditions to help turn those ideas into reality and embed creativity into all aspects of the social, economic and cultural life of Leitrim.**

Our vision is underpinned by the commitments within the key strategic plans for Leitrim which are:

#### Leitrim County Council Corporate Plan, 2014–2019


To make Leitrim a sustainable, creative, inclusive County where individuals, family and business can flourish.

#### Leitrim Local Economic and Community Plan 2015–2021

Leitrim, A Vibrant County with Big Ambition... where our communities are safe and healthy, our resources and heritage are sustained and our economy is thriving.

#### Leitrim Arts Plan 2012–2017

To continue to develop in Leitrim, greater access and quality participation in the arts for all people living in or visiting the county; to nurture individuals, organisations, festivals and communities to be part of that provision, and to work in partnership with local, national and international agencies to achieve common goals.



Edwina Nig Eochaidhean i mbun cur i láthair mar chuid de Chláir Cónaitheachta The Leitrim Equation  
 Edwina Guckian performing as part of the Leitrim Equation residency programme

## 5

## Na Luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Liatroma

### The Creative Ireland Values in Leitrim

TÁ COMHAR, CUMARSÁID, Pobal, Rannpháirtiocht, Ilchuimsitheacht agus Cumasú de luachanna le hÉire Ildánach agus is léir iad sin ar na bearta túis áite a leadtar amach sa Straitéis seo

Ar an gcéad dul síos, is léiriú breá an clár Éire Ildánach ar an gcomhar idir an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta maidir le cursaí cultúir agus cruthaitheachta. Taobh istigh de Chomhairle Chontae Liatroma, fágann an obair maidir leis an Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta agus an clár oibre a ghabhann leis a chur le chéile go bhfuil feabhas maidir leis an gcomhoibriú idir ranna éagsúla de chuid na heagraíochta ina bhfeictear go bhfuil buntábhacht le cursaí cultúir agus cruthaitheachta maidir leis an bhforbairt shóisialta, cultúir agus eacnamaíochta san am atá romhainn.

Chomh maith leis an gcomhar a bheith ag baint ar bhealach ginearálta leis an bpróiseas forbartha i ndáil leis an straitéis féin a leagan amach, tá i gceist leis na bearta a luaitear mar chuid den chlár, agus an Ghairm Scoile Oscailte maidir leis an gelár Éire Ildánach go háirithe, go spreagfar comharobair níos forleithne dá mbarr idir an t-údarás áitiúil, daoine a shaothraíonn san earnáil agus pobal comharsanachta nó pobal sainspíse i ngach cuid den chontae.

Tá buntábhacht leis an gcumarsáid maidir leis na haidhmeanna a thabhairt i gcrích. Beidh leas á bhaint as gach deis a bhíonn ar fáil againn, lena n-áirítear na páipéir nuachta áitiúla, stáisiúin raidió áitiúla, craobhchórais caidrimh i measc an phobail agus acmhainní ar líne, chun cur leis an gcaidreamh idir grúpaí pobail agus daoine a shaothraíonn an cultúr agus an cruthaitheachta. Beidh córas á chur ar bun againn freisin trínar féidir leis na daoine a chleachtann an cruthaitheachta agus le grúpaí éagsúla cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil leis an údarás áitiúil ionas go mbíonn deis againn forbairt leanúnach a dhéanamh ar an gelár i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir.

**T**HE CREATIVE IRELAND values of Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity and Empowerment have informed the development of this strategy.

In the first instance the Creative Ireland programme is a significant and meaningful demonstration of collaboration between local and national government in the area of culture and creativity. Within Leitrim County Council, the development of a Culture & Creativity Strategy and programme has given rise to enhanced collaboration across different departments within the organisation where culture and creativity are seen as vital contributors to social, cultural and economic development into the future.

While the process of developing the strategy has been collaborative in nature in the broadest sense, the measures included in the programme, and the Creative Ireland Open Call in particular, are designed to encourage a wider collaboration between the local authority, practitioners in the sector, and communities of place or interest across the entire county.

Communication is key to achieving these ambitions. This will involve using all means at our disposal including local press and radio, community networks and on line resources to provide access to information for all members of communities in Leitrim. We will also seek to enhance communication between community groups and practitioners in the culture and creativity sectors. Finally we will institute means by which practitioners and groups can communicate effectively with the local authority, providing us with the opportunity to continually develop the programme in partnership with all stakeholders.

Tréithe nó réimse scileanna a chuireann le cumas nó le hacmhainn duine nó pobail atá sa chruthaitheachta. Cothaítear misneach maidir leis an gcur in iúl, tuiscint maidir lena bhfuil inár dtimpeall agus glacadh go fonnmar le smaointe nó ábhar a bhfuil nuacht ag baint leo. Tá an clár féin agus na tionscadail a dtreisítear leo faoin gclár leagtha amach ionas go ritheann an ilchuimsitheacht go nádúrtha leo agus go spreagtar rannpháirtíocht an uile dhuine, go háirithe grúpaí agus daoine nach móide an deis acu a bheith páirteach in imeachtaí roimhe seo.

Creativity is an empowering characteristic or skillset for any individual or community, enabling confidence in expression, awareness of our environment, and openness to new things. The programme itself and the projects supported under this strategy are designed to be inclusive in nature, encouraging the participation of everyone, particularly groups and individuals who may not have had the opportunity to do so before.



Seisiún ceoil ar bord an bháisce 'Bona Spes' le linn Chlár Cónaitheachta The Limerick Equation

Trad session aboard the barge 'Bona Spes' during the Leitrim Equation residency programme

## 6

## Bearta Tús Áite maidir le Contae Liatroma

### The Strategic Priorities for Leitrim

AR NA PRÍOMHCHUSPÓIRÍ atá leis an straitéis cúig bhliana seo tá cur chuige comhtháite a chruthú ar fud ranna éagsúla taobh istigh de Chomhairle Chontae Liatroma maidir le forbairt na cruthaitheachta sa chontae a mbeidh de thoradh air go ndéantar:

- Aird agus tuiscint ar an tairbhe atá leis an gcruthaitheacht a chothú ar fud Chomhairle Chontae Liatroma.
- Na straitéisí éagsúla de chuid Chomhairle Chontae Liatroma a bhaineann le cúrsaí cultúr a thabhairt le chéile.
- An acmhainn a bhaineann le hearnáil na cruthaitheachta a thapú ar bhealach níos fearr ionas go mbíonn tionchar chun sochair ar fhorbairt shóisialta, cultúr agus eacnamaíochta an chontae.

Rinneadh na bearta tús áite maidir leis an straitéis seo a shonrú trí chomhairliúchán poiblí a dhéanamh agus trí chaomhchóiriú, a rinne meitheal cultúr ar a raibh ionadaithe ó na ranna éagsúla maidir le cúrsaí fiontair, pleanála, oidhreachta, leabharlannaíochta agus ealaíne, maidir le straitéisí reatha an údarás áitiúil agus an straitéis maidir le hÉire Ildánach.

Seo a leanas roinnt de na straitéisí príomhthábhachta a dtáinig an straitéis seo faoina n-anáil agus i á leagan amach:

- Plean Corparáide Chomhairle Chontae Liatroma 2014–2019
- Plean Forbartha Ealaíne Chomhairle Chontae Liatroma 2012–2017
- Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Chomhairle Chontae Liatroma 2016–2021

**A** PRIMARY PURPOSE of this five-year strategy is to create a joined up and cross-departmental approach within Leitrim County Council to the development of creativity in the county that will:

- Build awareness of the value of creativity across Leitrim County Council.
- Align the individual culture-related strategies in Leitrim County Council.
- Better harness the potential of the creative sector to impact positively on the social, cultural and economic development of the county.

The process of identifying the priorities for this strategy has been achieved through public consultation, alignment of existing local authority strategies with the Creative Ireland strategy led by a culture team made up of inter-departmental representatives of enterprise, planning, heritage, libraries and the arts.

The key strategies informing the development of this strategy include:

- Leitrim County Council Corporate Plan 2014–2019
- Leitrim County Council Arts Development Plan 2012–2017
- Leitrim County Council Local Economic and Community Plan 2016–2021

Tá bearta tús áite na Straitéis ag teacht le réimsí áirithe den obair agus leis na torthaí a luaitear a bheith mar spriocanna faoi na pleananna éagsúla sin. Tugtar san áireamh chomh maith na hacmhainní seachtracha agus na deiseanna atá ar fáil faoi láthair, agus cumas an Údarás Áitiúil maidir le toradh inbhuanaithe, páirtíocht an phobail agus modhanna nua lena mbaineann an comhar agus obair ildisciplíne a thabhairt i gcrích.

Seo a leanas na réimsí straitéisí príomhthábhachta maidir le Straitéis Cultúr agus Cruthaitheachta Liatroma:

- a) An Acmhainn Cruthaitheachta
- b) Cruthaitheacht an Phobail
- c) Cruthaitheacht na hÁite
- d) Ceangal Caidrimh na Cruthaitheachta
- e) Fiontar na Cruthaitheachta

#### a) An Acmhainn Cruthaitheachta

Cion tairbhe a dhéanamh maidir leis an bhforbairt ar gach leanbh trí dheis a thabhairt páirt a ghlaicadh i mbearta cruthaitheachta agus cineálacha éagsúla de chur in iúl na cruthaitheachta a chleachtadh.

#### Na Príomhchuspóirí:

- Leanúint ag obair i gcomhar leis na páirtithe leasmhara éagsúla a oibríonn le leanaí, d'fholn cur leis na deiseanna a bhíonn ar fáil ag leanaí agus ag daoine óga a gcuid cruthaitheachta féin a chleachtadh trí chláir ardchaighdeáin den nuáil.
- Cuidiú le daoine in earnáil na cruthaitheachta na scileanna sin a fhorbairt is gá chun tograí agus cláir ardchaighdeáin a thabhairt chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga.

The Strategic Priorities align to specific work areas and desired outcomes contained within these plans. They also take into account the available external resources, opportunities and capacity of the Local Authority to deliver sustainable impact, community engagement and new forms of collaboration and interdisciplinary work.

The five strategic priority areas of Leitrim's Culture and Creativity strategy are:

- a) Creative Potential
- b) Creative Community
- c) Creative Place
- d) Creative Connections
- e) Creative Enterprise

#### a) Creative Potential

To contribute to every child's development by providing access to and engagement with creative activities and opportunities to explore different forms of creative expression.

#### Key Goals:

- Continue to work in partnership with various stakeholders who work with children, to increase opportunities for children and young people to explore their own creativity through high quality innovative programmes.
- Support those who work in the creative sector to develop the skills necessary to develop high quality projects and programmes for children and young people.

- An forbairt ar thograí agus ar chláir ildisciplíne a spreagadh lena ndéantar ceangal idir an chruthaitheacht agus cúrsai eolaíochta nó teicneolaíochta, cúrsai timpeallachta agus an tsochaí shibhialta.

**Na Ranna Príomhthábhachta:**

Ealaín, Leabharlannaíocht, Comhshaol, Forbairt Pobail, an Oifig Fiontair Áitiúil.

**Páirtnéirí an Chomhair:**

Lónra Rannpháirtíochta Pobail Liatroma (PPN); Coiste Sheirbhísí Leanaí agus Dhaoine Óga Shligigh / Liatroma; Seirbhísí Óige Thuaisceart Chonnacht (NYCS); Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (MSLETB); Ionad Oideachais Chora Droma Rúisic; Coiste Cúram Linbh Liatroma; Foróige.

**b) Cruthaitheacht an Phobail**

Deiseanna a chur ar fáil don phobal sna comharsanachtaí éagsúla ar fud Chontae Liatroma a gcuid cruthaitheachta féin a shaothrú trí theacht níos uilechuimsíthí a bheith ar réimse forleathan de bhearta cruthaitheachta agus de ghnéithe infreastreachtúir agus d'acmhainní eile cultúir ar fud an chontae.

**Na Príomhchuspóirí:**

- An forbairt a spreagadh ar dheiseanna ag pobal comharsanachtaí a gcuid cruthaitheachta féin a chleachtadh le tionscnamh den núail a chuireann le caighdeán an tsaoil, leis an tsláinte agus le barr maitheasa an duine.
- An forbairt a spreagadh ar dheiseanna ag pobal comharsanachtaí ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht shainiúil cultúir, ar shean-nósanna agus ar an nGaeilge trí chláir, imeachtaí agus féisí.
- Deiseanna oibriú le réimse leathan grúpaí eagraíochtaí pobail ar fud an chontae a chruthú dóibh siúd a oibríonn in earnáil na cruthaitheachta.

- Encourage the development of cross disciplinary projects and programmes that link creativity with science, technology, the environment and civic society.

**Key Departments:**

Arts, Libraries, Environment, Community Development, Local Enterprise Office.

**Partners and Collaborators:**

Leitrim Public Participation Network (PPN); Sligo/ Leitrim Children & Young People Services Committee (CYPSC); North Connacht Youth Services (NYCS); Mayo, Sligo & Leitrim Education and Training Board (MSLETB); Carrick on Shannon Education Centre; Leitrim Childcare Committee; Foróige.

**b) Creative Community**

To provide opportunities for communities throughout Leitrim to explore their own creativity through promoting greater access and inclusion to the wide range of creative activities and cultural infrastructure and resources across the county.

**Key Goals:**

- Encourage the development of opportunities for communities to explore their creativity through innovative projects that contribute to quality of life, health and well-being.
- Encourage the development of opportunities for communities to celebrate their distinct cultural heritage, traditions and the Irish language through programmes, events and festivals.
- Create opportunities for those who work in the creative sector to work with a wide number of community groups and organisations across the county.

**Na Ranna Príomhthábhachta:**

Forbairt Pobail, Ealaín, Leabharlannaíocht, Oidhreacht, Pleánaíl.

**Páirtnéirí an Chomhair:**

PPN, Comhlacht Forbartha Liatroma, na Comhairlí Pobail; Comhairle na nDaoine Scothaosta; Cumann Liatroma do Dhaoine faoi Mhíchumas (LAPWD); Lónra Liatroma do Dhaoine faoi Mhíchumas; LGBTQI an Iarthuairscirt; Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (Liatroim); Macra na Feirme (Liatroim); Páirtnéireacht Spóirt Liatroma.

**c) Cruthaitheacht na Háite**

Aird a thabhairt ar an bhfiúntas, ó thaobh acmhainní buntábhachtacha agus foinsí spreagtha ag lucht na cruthaitheachta agus ag an bpobal i gcoitinne, a bhaineann leis an taobh thíre nádúrtha iléagsúil, leis an oidhreacht, leis an infreastreachtúr cultúir agus leis an scála a ghabhann le hearnáil na cruthaitheachta i gContae Liatroma.

**Na Príomhchuspóirí:**

- Leanúint den chúnamh taca dóibh sin atá ag saothrú in earnáil na cruthaitheachta maidir le smaointe, cláir agus tionscadail den téagar, den nuacht agus den tsamhláiocht a thabhairt chun cinn a bhfuil cultúr sainiúil agus taobh thíre Liatroma ina bhunábhar spreagtha maidir leo.
- Cur leis an acmhainn agus leis an ról atá le leabharlanna, le hionaid ealaíne, le gnéithe d'infreastreachtúr na cruthaitheachta, leis an oidhreacht foirgníochta agus leis an dúlra inár dtimpeall maidir le bunfhoinsí ag daoine faoi leith agus ag dreamanna éagsúla i mbun a gcuid cruthaitheachta.
- Aird agus tuiscint ar na hacmhainní bríomhara luachmhara atá i gContae Liatroma maidir le cúrsai ealaíne,

**Key Departments:**

Community Development, Arts, Libraries, Heritage, Planning.

**Partners and Collaborators:**

PPN, Leitrim Development Company, Community Councils; Older Persons Council; Leitrim Association for People with Disabilities (LAPWD); Leitrim Disability Network; Northwest LGBTQI; IFA (Leitrim); Macra na Feirme (Leitrim); Leitrim Sports Partnership.

**c) Creative Place**

To recognise the value of our outstanding rich and diverse natural landscape, heritage, cultural infrastructure and the scale of our creative sector as vital resources and sources of inspiration for creative practitioners and the wider community.

**Key Goals:**

- Continue to support those working in the creative sector in developing authentic, new and innovative ideas, programmes and projects that find their inspiration and roots in the distinct culture and landscape of Leitrim.
- To enhance the capacity and role of libraries, arts centres, creative infrastructure, built heritage and natural environment as focal points for individuals and communities to explore their creativity.
- Promote and raise awareness of the rich and vibrant arts, design, heritage and natural landscape assets of Leitrim and strengthen its identity as a creative place to live, work and visit.

dearthóireachta, oidhreachta agus an taobh téire nádúrtha a chothú agus treisiú le clú na háite mar ionad cruthaitheachta ar fiú cónaí ann, oibriú ann nó cuairt a thabhairt air.

#### **Na Ranna Príomhthábhachta:**

Ealaín, Leabharlannaíocht, Comhshaol, Pleanáil, Oidhreacht, TEC, an Oifig Fiontair Áitiúil, Turasóireacht.

#### **Páirtnéirí an Chomhair:**

Ionad an Duga; Ionad Dealbhodóireachta Liatroma; Ionad na nGleann; Áras Dearthóireachta Liatroma; FabLab Chluainín; Grúpaí Oidhreachta; Grúpa Timpeallachta; Féilte; ionaid ealaíne agus ionaid pobail agus eagraíochtaí ealaíne agus eagraíochtaí pobail.

#### **d) Ceangal Caidrimh na Cruthaitheachta**

Treisiú le hearnáil na cruthaitheachta maidir le fairsingí ar na réimsí ina dtarraingítear aird agus spéis dhaoine trí chaidreamh a cheangal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a chuireann le clú Liatroma mar láirionad cruthaitheachta.

#### **Na Príomhchuspóirí:**

- Leanúint de chur leis na deiseanna comhchaidrimh agus leis na deiseanna comhoibre ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas go gcothaítear agus go spreagtar babhtáil scileanna, saineolais agus smaointe agus go gcruthaítear oiread deiseanna agus is féidir ag lucht na cruthaitheachta i gContae Liatroma páirt a ghlacadh i mbeartaiocht idirnáisiúnta.
- Cur oiread agus is féidir leis na deiseanna maidir le comharobair idirnáisiúnta trí chláir éagsúla, mar shampla an Eoraip Chruthaitheach agus Cultúr Éireann, agus trí oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le páirtnéirí eile, daoine de dhiaspóra Liatroma san áireamh.

#### **Key Departments:**

Arts, Libraries, Environment, Planning, Heritage, ICT, Local Enterprise Office, Tourism.

#### **Partners and Collaborators:**

The Dock; Leitrim Sculpture Centre; The Glens Centre; Leitrim Design House; FabLab Manorhamilton; Heritage groups; Environmental Groups; Festivals; other arts and community venues and organisations.

#### **d) Creative Connections**

To support the creative sector in growing its national and global footprint through national and international linkages enhancing Leitrim's reputation as a centre of creativity.

#### **Key Goals:**

- Continue to grow opportunities for enhanced networking and collaboration at national and international level in order to foster and encourage the exchange of skills, expertise and ideas and to maximise opportunities to increase participation by Leitrim practitioners internationally.
- Maximise the opportunities for international collaboration through various programmes such as Creative Europe and Culture Ireland and by working in partnership with various agencies and partners including the Leitrim diaspora.

- Fiosrú a dhéanamh faoin dóigh go bhféadfaí beartaíocht de chuid earnáil na cruthaitheachta a thabhairt chun cinn a bheadh ar chaighdeán sách ard agus ina ndíol suntais chomh mór agus go dtarraingeofaí daoine den lucht cruthaitheachta as áiteanna eile in Éirinn agus thar síle go Contae Liatroma.

- Explore the potential for the development of events in the creative sector of sufficient quality and significance to attract national and international creative practitioners to Leitrim.

#### **Key Departments:**

Arts, Library, Local Enterprise Office, Tourism, Economic Development.

#### **Partners and Collaborators:**

Leitrim Sculpture Centre, The Dock, International Leitrim Associations, Leitrim Diaspora Group; Leitrim Tourism.

#### **e) Creative Enterprise**

To strengthen and develop Leitrim's capacity as a creative hub and cultural cluster and enhance potential for economic development and sustainability in the Creative and Culture Sector.

#### **Key Goals:**

- Strengthen and develop business supports, training and mentoring opportunities for the creative sector to enable them to develop sustainable practise and business.
- Harness and incentivise the potential of public, private and community sectors to grow employment and earning opportunities in the creative sector through innovative programmes and awareness raising.

#### **Na Ranna Príomhthábhachta:**

Ealaín, Leabharlannaíocht, an Oifig Fiontair Áitiúil, Turasóireacht, Forbairt Eacnamaíochta.

#### **Páirtnéirí an Chomhair:**

Ionad Dealbhodóireachta Liatroma; Ionad an Duga, Cumáinn Liatroma i dtíortha thar lear, Grúpa Diaspóra Liatroma; Turasóireacht Liatroma.

#### **e) Fiontar Cruthaitheachta**

Acmhainn Liatroma mar mholt cruthaitheachta agus cultúir a neartú agus a threisiú agus cur leis an dóigh go dtarlódh forbairt eacnamaíochta agus breis inmharthanacha maidir le hEarnáil an Chultúir agus na Cruthaitheachta.

#### **Na Príomhchuspóirí:**

- Treisiú le bearta cúnta de chuid an lucht gnó agus le deiseanna oiliúna agus meantóireachta maidir le hearnáil na cruthaitheachta sa chaoi is gur féidir bun a chur faoi ghnóthas agus forbairt inmharthanach a thabhairt air.
- An acmhainn atá san earnáil phoiblí, san earnáil phriobháideach agus san earnáil phobail a thapú agus a spreagadh ionas go gcuirtear leis na deiseanna fostáochta agus saothraithe in earnáil na cruthaitheachta trí chláir nuála a rith agus cur leis an leibhéal tuisceana.

- An mhais chinniúnach maidir le hearnáil na cruthaitheachta i gContae Liatroma a thabhairt chun cinn agus chun forbartha le moil, comhionaid oibre agus córas leathanbhanda ardluais a thabhairt isteach ar fud an chontae.

**Na Ranna Príomhthábhachta:**

Forbairt Eacnamaíochta, an Oifig Fointair Áitiúil, Ealaín, Leabharlannaíocht, Tithíocht.

**Páirtnéirí an Chomhair:**

Comhlacht Forbartha Liatroma, na Comhlachais Tráchtála, MSLETB, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

- Grow and develop the critical mass of the creative sector in Leitrim through hubs, co-working spaces and introduction of high speed broadband across the county.

**Key Departments:**

Economic Development, Local Enterprise Office, Arts, Libraries, Housing.

**Partners and Collaborators:**

Leitrim Development Company, Chambers of Commerce, MSLETB, IT Sligo.



Togra Damhsa Liatroma 2017  
2017 Leitrim Dance Project

## 7

## Cúrsaí Forfheidhmiúcháin 2018

### Implementation in 2018

DEARCADH CHUN CINN atá i gceist le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Liatroma ina leagtar amach na bunchlocha a bhaineann le forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe a bhaint amach ar fud an údarás áitiúil d'fhonn an acmhainn ionchais a bhaineann leis an gcruthaitheachta a cheapadh ionas go mbíonn oiread de chion tairbhe agus is féidir as maidir le barr maitheasa cultúir, eacnamaíochta agus sóisialta mhuintir an chontae. Tuigtear go maith do Chomhairle Chontae Liatroma nach féidir an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta a thabhairt i gcrích gan obair an chomhair agus na páirtnéireachta.

- Treiseofar leis an gcaidreamh atá ar bun cheana féin le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí seachtracha agus cothófar comhar páirtnéireachta nua trína gcuirtear bonn treise faoin Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta a thabhairt i gcrích le béim ar an gceangal láidir agus ar an idirspleáchas is bunchuid de phobal bríomhar cruthaitheachta a chothú.
- Déanfar measúnóireacht dhian bunaithe ar lón fianaise a thabhairt chun cinn maidir le hearnáil na cruthaitheachta i gContae Liatroma ionas gur fearr a thuigtear an cion tairbhe a dhéantar maidir le saol cultúir, sóisialta agus eacnamaíochta an chontae.
- Déanfar iniúchadh agus mapáil maidir le hearnáil an chultúir agus na cruthaitheachta agus socrófar ar an mbonnlíne maidir le dul chun cinn agus forbairt as seo amach a mheas.
- Déanfar an tionchar a bhíonn ag bearta de chuid na straitéis seo taobh istigh den údarás áitiúil agus den phobal i gcoitinne a mheas d'fhonn a chinntíú go gcoinnítear an straitéis oriúnach don chuspóir.

**T**HE CULTURE AND Creative Strategy for Leitrim is a forward looking document that sets out the building blocks for achieving long term sustainable development across the local authority to harness the potential of creativity and maximise its contribution to our cultural, economic and social well-being. Leitrim County Council recognises that it cannot deliver this Culture and Creative Strategy alone.

- We will build upon existing relationships with external organisations and agencies and develop new partnerships to support the delivery of the Culture and Creative Strategy emphasising the strong links and inter-dependencies that are central to building vibrant creative communities.
- We will develop a strong, evidence-based assessment of Leitrim's creative sector to deepen our understanding of its contribution to the cultural, social and economic life of the county.
- We will audit and map the cultural and creative sector and develop a baseline of activity for future progress and development.
- We will evaluate the impacts of the measures contained in this strategy within the local authority and in the wider community to ensure it remains fit for purpose.
- We will put transparent and robust measures in place to ensure that all programme and activities supported through our Cultural and Creative Strategy are transparent, accountable and understood by all.

- Cuirfear bearta dochta follasacha ar bun chun a chinntíú go mbíonn follasacht agus cuntasacht ag baint leis na cláir agus leis na bearta uile a dtugtar cúnamh ina leith faoin Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta agus go mbíonn siad intuigthe ag cách.



Mainistir na Craoibhe Léithe,  
Droim Dhá Thiar  
Creevelea Abbey, Dromahair

## 8

## Bearta Príomhthábhachta i rith na bliana 2018

### Key Actions for 2018

**Cion Tairbhe maidir leis an bPleanáil Straitéiseach**  
 Ar cheann de na príomhchuspóirí atá le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Liatroma, tá go mbeadh lón treorach agus tionchair á chur ar fáil léi maidir leis na polasaithe cultúir ar fad agus leis an bpleanáil corporáide a dhéantar le linn ré feidhme an chláir Éire Ildánach. Beidh straitéis nua maidir le forbairt na healaíne á foilsíú ag Comhairle Chontae Liatroma i rith na bliana 2018 agus creat nua á chomhaontú leis an gComhairle Ealaón. Cuirfear túis leis an obair fhorbartha maidir le straitéis leabharlannaíochta nua chomh maith le straitéis i ndáil leis an Diaspóra a thabhairt chun cinn i gcomhar le Comhairle Chontae Shligigh agus le Comhairle Chontae Ros Comáin. Beidh aird ag Comhairle Chontae Liatroma ar na haidhmeanna agus ar an gclár oibre a leagtar amach sa straitéis seo le linn na straitéisí eile sin a leagan amach agus féachfar lena chinntíú go dtugtar san áireamh iad mar dhlúthchuid den obair pleanála.

**Cruinniú na nÓg**  
 Ceiliúradh nua ar an gcruthaitheacht do dhaoine óga atá i gCruinniú na nÓg a bheidh á eagrú i mí Bealtaine gach bliain. Tá fáilte roimh ionaid, grúpaí ealaíne, cultúr agus oidhreachta, naónraí, scoileanna, eagraíochta na ngaság, Foróige nó aon eagraíocht eile ina bhfuil d'acmhainn imeachtaí ar ardchaighdeán a eagrú nó a rith lena spreagtar an chruthaitheacht i leanaí agus i ndaoine óga páirt a ghlaicadh i gCruinniú na nÓg. Ní mór an t-iarratas a bheith curtha le chéile ag grúpa, ionad nó eagraíocht pobail i gcomhar le heagraíochtaí nó le daoine a bhfuil saineolas gairmiúil acu ar réimse cruthaitheachta nó cultúr, mar shampla ealaín don tsúil nó ealaín taibhréime, litríocht, cúrsáí oidhreachta nó eile. Déantar gach iarratas

#### Contribute to Strategic Planning

A central purpose of Leitrim County Council's Culture and Creativity Strategy is to act as guidance and a key influencer in the development of all cultural policies and corporate planning developed during the tenure of the Creative Ireland programme. In 2018, Leitrim County Council will publish a new strategy for development of the arts and enter into a new framework agreement with the Arts Council. It will commence the development of a new library strategy and will develop a Diaspora strategy in partnership with Sligo and Roscommon County Councils. In these, Leitrim county Council will take cognisance of the objectives and agenda contained in this strategy and seek to ensure that they are incorporated into that planning.

#### Cruinniú na nÓg

Cruinniú is a new all Ireland celebration of creativity for young people which will be held in May each year. Venues, arts, culture & heritage groups, crèches, schools, scouting, Foróige and any organisation with the capacity to organise or host high quality events that encourages the creativity of children and young people are invited to become involved. Applications must be developed by a community group, venue or organisation in partnership with organisations or individuals with professional expertise of working with young people in any creative or cultural arena such as visual or performing arts, literature, heritage or other culture area. Applications are assessed on the basis of the quality of the events planned, their likely impact on those involved and how well they help fulfil the vision and achieve the strategic objectives of Leitrim's Culture and Creativity Strategy.

a mheas i ndáil le feabhas na n-imeachtaí a bheartaítear, an tionchar is dócha a bheidh acu ar na daoine a ghlaicann páirt iontu agus ar a fheabhas a chuidítear leis an aisling agus leis na haidhmeanna atá le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Liatroma a thabhairt i gcíoch.

#### Gairm Scoile Oscailte Éire Ildánach

Is gairm scoile náisiúnta do ghrúpaí pobail, d'eagraíochtaí, d'ionaid, d'ealaíontóirí, do scríbhneoirí, d'oirfidigh, do lucht seandálaíochta, staire agus cartlannaíochta agus don uile dhuine a bhfuil baint acu le hearnáil an chultúir agus na cruthaitheachta atá sa Ghairm Scoile de chuid Éire Ildánach maidir le tionscadail agus cláir ardchaighdeán a thabhairt chun cinn lena ndéantar an chruthaitheacht a chothú agus a spreagadh, chomh maith le heolas, tuiscint agus teacht níos fearr agus níos fusa ar ghnéithe den ealaín, den chultúr agus den oidhreacht.

Ní mór an t-iarratas a bheith curtha le chéile ag grúpa, ionad nó eagraíocht pobail i gcomhar le daoine a bhfuil saineolas gairmiúil acu ar réimse cruthaitheachta nó cultúr, mar shampla ealaín don tsúil nó ealaín taibhréime, litríocht, cúrsáí oidhreachta nó eile. Is féidir le grúpa tú a chur leis an gcaidreamh le duine gairmiúil in earnáil an chultúir nó in earnáil na cruthaitheachta d'fhonn togra a thabhairt chun cinn níos féidir le duine gairmiúil tú a chur leis an gcaidreamh le grúpa pobail. Is féidir an togra a leagan amach sa chaoi is gur ar na daoine a bhfuil páirt acu féin go díreach sa togra is mó a bhíonn tionchar aige níos fairsinge ná sin agus go mbíonn sochar as ag pobal níos ginearálta.

#### Creative Ireland Open Call

The Creative Ireland Open Call is a countywide open call to community groups, organisations, venues, artists, writers, performers, archaeologists, historians, archivists and everyone involved in the culture and creative sectors to develop high quality projects and programmes that develop and encourage creativity and greater access, knowledge and appreciation of the arts, culture and heritage.

Applications must be developed by a community group, venue or organisation in partnership with individuals with professional expertise in any creative or cultural arena such as visual or performing arts, literature, heritage or other culture area. A group may make the initial approach to a professional in the culture/creativity sectors with a view to developing a project or visa-versa. The project may be designed to principally impact on those directly involved in the project or to have a broader reach, benefiting a wider community.

Déantar gach iarratas a mheas i ndáil lena fheabhas a chuidítear leis an aisling agus leis na haidhmeanna atá le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Liatroma a thabhairt i gcrích, bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- An caighdeán, an nuáil agus an chruthaitheacht a bhaineann leis an tionscadal beartaithe.
- An tuiscint ar chomhthéacs sóisialta agus cultúir an tionscadail.
- Cumas an ghrúpa tabhairt faoi thionscadail agus iad a riart chomh maith le teist ar an gcumas sin.
- Leibhéal na scileanna agus an tsaineolaí ag na daoine gairmiúla i gcúrsaí cultúir/cruthaitheachta atá ag oibriú in éineacht leis an ngrúpa.

Seo a leanas samplaí de na cineálacha tionscadail a d'fhéadfadh a bheith i gceist (ach d'fhéadfadh gur cineálacha eile uilig a bheadh iontu freisin):

- Tionscadail lena spreagtar daoine chun a gcuid cruthaitheachta féin a thriail, go háirithe daoine óga.
- Tionscadail lena gcuirtear le hinmharthanacht na ndaoine a oibríonn in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta.
- Tionscadail trína ndéantar an ealaín, an cultúr agus an oidhreacht a thaobhú ar bhealaí lena mbaineann cruthaitheach agus nuacht.
- Tionscadal nó imeacht aon uaire maidir leis an ealaín taibhréime nó an ealaín don tsúil, le litríocht, cúrsaí cultúir nó cúrsaí oidhreachta.
- Ceardlanna, cainteanna nó léachtaí maidir leis an ealaín taibhréime nó an ealaín don tsúil, le litríocht, cúrsaí cultúir nó cúrsaí oidhreachta.
- Coimisiún maidir le saothar nua.

**Applications are assessed on the basis of how well they help fulfil the vision and achieve the strategic objectives of Leitrim's Culture and Creativity Strategy using the following criteria:**

- Quality, innovation and creativity of the planned project.
- Understanding of the social and cultural context of the project.
- Proven ability of the group to undertake and manage projects.
- Level of skills and expertise of culture / creativity professionals engaged with the group.

Examples of potential projects could include, but are not limited to, the following:

- Projects that encourage people to explore their own creativity, particularly young people.
- Projects that enhance the sustainability of those who work in the culture and creativity sectors.
- Projects that explore the arts, culture and heritage in creative and innovative ways.
- One-off projects or events in performing or visual arts, literature, culture or heritage.
- Workshops, talks or lectures in performing or visual arts, literature, culture or heritage.
- Commissions for new work.

I ndáil le tograí maidir le Cruinniú agus leis an nGairm Scoile Oscailte araon, tá fáilte faoi leith roimh thionscadail lena mbaineann grúpaí ar beag baint a bhí acu roimhe seo le thionscadail cruthaitheachta agus cultúir mar gheall ar bhac de chineál ar bith maidir le cursaí eacnamaíochta, tíreolaíochta, easpa elais ar dheiseanna nó easpa deiseanna féin. I gcásanna den sórt sin, féachfar le gach comhairle agus cúnamh is féidir a thabhairt ionas go gcinntítear an toradh is fearr ag an uile dhuine ar an tionscadal.

Is í an bhliain 2018 an Bhliain Eorpach maidir leis an oidhreacht cultúir, bliain chomóradh an chéid maidir le cead vótála ag mná agus bliain chomóradh 125 bliain ó bunaíodh Conradh na Gaeilge agus tá fáilte dá réir i mbliana roimh iarratais den nuáil lena ndéantar cíoradh le teann cruthaitheachta ar ghnéithe a bhaineann le cláir agus le comóradh den sórt sin.

For both Cruinniú and the Open Call we particularly welcome project proposals that involve groups that have had little or no previous involvement in creativity and culture projects arising from any barrier such as economic, geographic, or having lacked awareness or opportunity. In such instances we will endeavour to give whatever advice and assistance we can to ensure your project can achieve the best possible experience for everyone involved.

2018 is the European year of cultural heritage, the centenary of women's suffrage and the 125 anniversary of the founding of Conradh na Gaeilge and as such this year we welcome innovative applications that creatively explore the concerns that underpin these programmes and anniversaries.



[creative.ireland.ie](http://creative.ireland.ie)



Clár Éire Ildánach  
*Creative Ireland*  
Programme  
2017–2022

